An tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí
Maritime Area Regulatory Authority

# Ceadúnas a fháil chun Úsáidí Sonraithe Muirí a Dhéanamh sa Limistéar Muirí faoin Acht um Pleanáil Limistéir Mhuirí 2021

## Treoirnóta maidir le Próiseas an Iarratasóra

**Tabhair faoi deara - Tá Treoir Theicniúil, maidir le doiciméid agus tuarascálacha a ghabhann le hiarratas, ar fáil anseo**


An tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí (MARA)
2ú hUrlár, Teach Menapia,
Páirc Ghnó Dhraighní,
Draighneach,
Loch Garman,
Y35RF29

licence@mara.gov.ie

maritimeregulator.ie

## Leasuithe Rianaithe ar Threoirnóta

| Leagan Uimh. | Dáta | **Leasú** | **Cúis** |
|---|---|---|---|
| 1 | 27/09/2023 | N/B | |
| 2 | 23/01/2024 | Mapa den Phróiseas Iarratais | Próiseas nuashonraithe |
| 3 | 31/05/2024 | Athrú ar Theideal na Roinne | Feidhmeanna a Aistriú |
| 4 | 21/06/2024 | Eolas breise ar Chruinniú Réamhiarratais | Faisnéis bhreise ar fáil |
| 5 | 13/09/2024 | Eolas breise ar fhormáid PDF a fuarthas | Ní mór comhaid PDF a bheith le feiceáil ina n-iomláine |

# Clár Ábhair

**MAIDIR LEIS NA NÓTAÍ TREORACH SEO** .......... 4
**GIORRÚCHÁIN** .......... 5
**MarinePlan.ie** .......... 6
**Réamhrá agus Comhthéacs** .......... 7
**Cuspóir na dTreoirlínte** .......... 7
**Gníomhaíochtaí Eile atá le háireamh i Sceideal 7** .......... 8
**Díolúintí don Chóras Ceadúnaithe** .......... 8
**Sula ndéantar Iarratas ar cheadúnas chuig MARA** .......... 9
Measúnacht Tionchair Timpeallachta .......... 9
Dearbhú i dtaobh an bhfuil nó nach bhfuil ceadúnas ag teastáil .......... 9
Cruinniú Réamhiarratais .......... 9
**Iarratas ar cheadúnas a dhéanamh chuig MARA** .......... 10
**Measúnacht Tionchair Timpeallachta** .......... 11
**Measúnacht Chuí** .......... 11
**1. Diúltaíodh d'Iarratas MC de thoradh scagtha** .......... 11
**2. Glacadh le hIarratas MC de thoradh scagtha** .......... 12
**Táillí ar Cheadúnais** .......... 14
**1. Táillí Iarratais** .......... 14
**2. Táillí do shealbhóirí ceadúnais** .......... 15
**Coimeád Taifead** .......... 15
**Úsáid Neamhúdaraithe Roimh bhunú MARA** .......... 15
**Sannadh Ceadúnais** .......... 16
**Leasú ar cheadúnas** .......... 16
**Tabhairt suas Ceadúnais** .......... 16

## MAIDIR LEIS NA NÓTAÍ TREORACH SEO

Ullmhaíodh an nóta treorach seo chun cabhrú le hiarratasóirí tuiscint a fháil ar an bpróiseas a bhaineann le hiarratas a dhéanamh ar cheadúnas chun tabhairt faoi ghníomhaíocht shonraithe sa limistéar muirí.

Ní mhaítear gur léirmhíniú dlíthiúil atá sa doiciméad seo ar fhorálacha agus ar cheanglais an Achta um Pleanáil Limistéir Mhuirí 2021, agus níor cheart é a léamh ar an dóigh sin.

Cé go ndearnadh gach iarracht cruinneas an ábhair atá sa doiciméad seo a chinntiú, ní ghlacann MARA aon fhreagracht agus ní thugann sé aon ráthaíochtaí, gealltanais ná barántaí maidir le cruinneas, iomláine nó nádúr cothrom le dáta na faisnéise a chuirtear ar fáil anseo agus ní ghlacann sé le haon dliteanas ar bith a eascraíonn as aon earráidí nó easnaimh.
Mura sonraítear a mhalairt, tá na bríonna céanna leis na téarmaí caipitlithe sa Treoir seo a thugtar dóibh san Acht. I gcás aon neamhréireachta nó débhríochta, bíonn tosaíocht ag an Acht ar an Treoir seo.

Féadfaidh MARA roghnú imeacht ón modheolaíocht sa Treoir seo, nó í a leasú, de réir mar is cuí. Is féidir cóipeanna de Threoracha agus rialacháin AE dá dtagraítear sa doiciméad seo a íoslódáil ó shuíomh gréasáin Eur-Lex (tairseach chuig dlí an Aontais Eorpaigh).

Is féidir cóipeanna d'achtacháin reachtúla na hÉireann dá dtagraítear anseo a fháil ó Oifig Díolacháin Foilseachán an Rialtais, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2, Éire, agus ar shuíomh gréasáin Leabhar Reachtanna na hÉireann.

# GIORRÚCHÁIN

| | |
|---|---|
| MC | Measúnacht Chuí |
| MTT | Measúnacht Tionchair Timpeallachta |
| TLM | Toiliú Limistéir Mhuirí |
| MAPA | An tAcht um Pleanáil Limistéir Mhuirí 2021 |
| ÚRLM | An tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí |
| ACAC | An tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide |
| MSP | Pleanáil Spásúlachta Muirí |
| RTN | Ráiteas Tionchair Natura |
| CNPM | An Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí |
| FIAC | Fuinneamh In-athnuaite Amach ón gCladach |
| MSTT | Measúnacht Straitéiseach Tionchair Timpeallachta |

## MarinePlan.i e

Is é MarinePlan.ie an chéad tairseach pleanála spásúlachta muirí in Éirinn. Nascann an tairseach mapála ar líne seo pleanáil laistigh den limistéar muirí agus na beartais ábhartha do gach earnáil mhuirí nó gníomhaíocht atá liostaithe in CNPM. Tá trí phríomhréimse ar an suíomh:

- Mapa gníomhaíochtaí
- Gníomhaíochtaí
- Polasaithe

Moltar d'iarratasóirí marineplan.ie a sheiceáil roimh iarratas ar cheadúnas a chur isteach, chun gníomhaíochtaí/beartais reatha a fheiceáil sa cheantar ar mian leo a áitiú.

## Réamhrá agus Comhthéacs

Bhunaigh an MAPA córas nua pleanála mara ina raibh córas nua ceadúnaithe agus bainistíochta forbartha ón líne bairr láin go dtí teorainn sheachtrach scairbh ilchríochach an Stáit.

Ar an 17 Iúil 2023 rinneadh an t-údarás rialála don limistéar muirí den MARA. Is iad feidhmeanna an MARA ná:

- Measúnú a dhéanamh ar iarratais TLM (Toiliú Limistéir Mhuirí) don limistéar muirí, a theastaíonn ó fhorbróirí sular féidir cead forbartha a dheonú;
- Ceadúnú muirí a dheonú le haghaidh gníomhaíochtaí sonraithe;
- Comhlíonadh agus forfheidhmiú TLManna, ceadúnais agus toilithe forbartha amach ón gcósta;
- Imscrúduithe agus ionchúisimh;
- An phunann toilithe Urthrá atá ann cheana a riaradh;
- Comhoibriú a chothú agus a chur chun cinn idir rialtóirí an limistéir mhuirí.


## Cuspóir na dTreoirlínte

Baineann na Treoirlínte seo le daoine atá ag iarraidh aon cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh sa limistéar muirí, mar atá leagtha amach i Sceideal 7 den MAPA:

- Dreidireacht Loingseoireachta agus Cothabhála[1]
- Suirbhéanna comhshaoil muirí chun críche fionnachtana eolaíochta, taighde, imscrúduithe láithreáin nó a rinneadh chun tacú le hiarratas ar fhorbairt mhuirí sa limistéar muirí
- Marcóirí loingseoireachta nó áisíní loingseoireachta nach bhfuil déanta ná údaraithe ag Coimisinéirí Soilse na hÉireann a shuiteáil nó a shuíomh
- Suiteáil ardáin nó pontúin neamhbhuana
- Aon substaint nó rud a thaisceadh ar an bhfarraige, san fharraige nó ar ghrinneall na farraige
- Aon substaint nó rud a bhaint den fharraige nó de ghrinneall na farraige
- Pléascáin a úsáid[2]
- Cothabháil ar aon chábla, píblíne, ola, gás nó saoráid stórála carbóin nach bhforáiltear dó faoi aon cheadú reachtúil eile
- Feamainn a bhaint, a shuaitheadh nó a thabhairt ar shiúl
- Cáblaí teileachumarsáide nó duchtú nach dtagann i dtír sa Stát a leagan nó a shuiteáil
- Aon ghníomhaíocht eile a chinnfidh ACAC le rialachán

[1] Ní áirítear leis an ngníomhaíocht incheadúnaithe seo dreidireacht chun cuan, beart nó uiscebhealach nua a chruthú nó chun saoráidí atá ann cheana a dhoimhniú chun rochtain a cheadú do longa níos mó nó dreidireacht atá coimhdeach le forbairt atá údaraithe faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000. Beidh TLM ag taestáil ó na gníomhaíochtaí seo
[2] Ní theastaíonn ceadúnas chun pléascáin a bhaineann le húdarú faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 a úsáid nó i gcás ina n-údaraítear úsáid den sórt sin pléascán faoi reachtaíocht eile

Síneann an limistéar muirí ó uisce ard gnáth-thaoidí nó meántaoidí na farraige go dtí teorainn sheachtrach na scairbhe ilchríochaí.




## Gníomhaíochtaí Eile atá le háireamh i Sceideal 7

Tá sé de chumhacht ag an ACAC úsáidí muirí eile a shonrú a bheidh le cur san áireamh i Sceideal 7 den MAPA le rialacháin. Níl aon rialacháin dá leithéid déanta ag ACAC go dtí seo, ach má mheasann an tAire gur gá sin a dhéanamh, déanfar an treoir sin a nuashonrú.

## Díolúintí don Chóras Ceadúnaithe

Tá sé de chumhacht ag an ACAC úsáid mhuirí atá leagtha amach i Sceideal 7 a ghabhann leis an MAPA a dhíolmhú, le rialacháin, má tá sé den tuairim:

- Mar gheall ar mhéid, cineál nó éifeacht theoranta ar an limistéar muirí, ní dhéanfadh gnóthas na húsáide gan cheadúnas cion i gcoinne Airteagal 6 den Treoir MSP, nó
- Údaraítear nó ceanglaítear úsáid den sórt sin a údarú le haon achtachán eile nó faoi aon achtachán eile.

Tá an ACAC ag fiosrú úsáidí faoi láthair a d'fhéadfadh a bheith faoi réir na rialachán sin. Go dtí seo, áfach, níl a leithéid de rialacháin déanta. Má tá rialacháin den sórt sin le déanamh, ní mór iad a scagadh le haghaidh MC agus SEA. Déanfar an treoir seo a nuashonrú má fheidhmíonn an ACAC a chumhachtaí chun rialacháin den sórt sin a dhéanamh.

## Sula ndéantar Iarratas ar cheadúnas chuig MARA

### Measúnacht Tionchair Timpeallachta

Ní féidir le MARA ceadúnas a eisiúint d'úsáid mhuirí a bhfuil MTT ag teastáil ina leith. Má theastaíonn MTT, ní mór d'iarratasóir iarratas a dhéanamh ar TLM. Tá treoirlínte maidir leis na critéir iarratais agus foirmeacha do TLM ar fáil anseo.

### Dearbhú i dtaobh an bhfuil nó nach bhfuil ceadúnas ag teastáil

Mura bhfuil duine cinnte an dtagann úsáid mhuirí ar leith faoi raon feidhme chóras ceadúnaithe MARA, féadfaidh sé/sí iarratas a dhéanamh chuig MARA ar dhearbhú reachtúil maidir le cé acu tá nó nach bhfuil ceadúnas ag teastáil. Beidh an fhoirm iarratais chun an dearbhú seo a lorg ar fáil in am trátha. Gearrtar táille
€500 ar an tseirbhís seo.

Déanfaidh MARA, a mhéid is indéanta chun amhlaidh a dhéanamh, an dearbhú reachtúil a chur ar fáil laistigh de 30 lá tar éis d'iarratasóir an fhaisnéis ábhartha go léir a chur isteach.

### Cruinniú Réamhiarratais

Moltar go láidir gur cheart d'iarratasóir ceadúnais cruinniú réamhiarratais a lorg le MARA. Tá nasc chuig an bhfoirm iarratais do chruinniú réamhiarratais ar fáil anseo.

Roimh an gcruinniú, ní mór d'iarratasóir na nithe seo a leanas a chur ar fáil:


- cur síos iomlán ar an tionscadal
- amscála an tionscadail
- sonraí a bhaineann le toilithe eile atá de dhíth
- sonraí na gcomhairliúchán eile atá déanta agat

Má tá iarratas á dhéanamh agat ar thionscadal Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta (FIAC), ní mór duit a thaispeáint conas a chomhlíonfaidh do thionscadal beartaithe Plean Forbartha Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta na hÉireann.

Sula seolfar iarratas foirmiúil, féadfaidh MARA iarraidh ar iarratasóirí tuilleadh comhairliúcháin a dhéanamh le comhlachtaí Stáit agus leo siúd a bhfuil spéis acu sa tionscadal go háitiúil.

Molaimid gur cheart duit, ag an gcéim réamhiarratais, dul i dteagmháil le húdaráis ábhartha eile maidir le húdaruithe reachtúla eile a d'fhéadfadh a bheith de dhíth maidir leis an úsáid mhuirí atá beartaithe. San áireamh, ach gan a bheith teoranta le, tá Soilse na hÉireann, Oifig na Suirbhéireachta Muirí, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus/nó na húdaráis phleanála.

## Iarratas ar cheadúnas a dhéanamh chuig MARA



Ní mór do dhuine a dhéanann iarratas chuig MARA ar cheadúnas é sin a dhéanamh ar an bhfoirm iarratais atá ar fáil anseo.

Sula sheolann tú foirm iarratais isteach, cinntigh le do thoil go bhfuil gach téacsbhosca leathnaithe agus inléite i gcló réamhamharc

Admhófar gach iarratas chuig MARA nuair a fhaightear iad agus cuirfear ainm an duine a bheidh mar phointe teagmhála laistigh de MARA (láimhseálaí an cháis) in iúl don iarratasóir.

Beidh gach iarratas faoi réir bailíochtaithe lena chinntiú go gcomhlánaítear an fhoirm i gceart agus gur leor na doiciméid agus na mapaí a ghabhann léi chun cur ar chumas MARA scagadh a dhéanamh ar an iarratas ar MC. Féadfaidh MARA soiléiriú agus doiciméid bhreise a lorg ó iarratasóir. Cuirfear in iúl don iarratasóir i scríbhinn go bhfuil MARA sásta go bhfuil dóthain faisnéise aige chun an t-iarratas agus an scagadh le haghaidh MC a phróiseáil. Iarrfar ar an iarratasóir an táille chuí a chur isteach. Is é an dáta a gheofar an táille chuí ná an dáta a mheasfaidh MARA go bhfuarthas iarratas.

## Measúnacht Tionchair Timpeallachta

Nuair a bheidh iarratas bailíochtaithe agus glactha go foirmiúil ag MARA, breithneoidh Aonad Teicniúil MARA an gá scagadh a dhéanamh air le haghaidh MTT, ag féachaint do Sceidil 5 agus 7 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001. Má mheasann siad go bhfuil gá leis, déanfar scagadh le haghaidh MTT. Má dhéanann an t-iarratas scagadh ar MTT, seolfar an t-iarratas ar ais chuig an iarratasóir, toisc nach féidir ceadúnas a dheonú le haghaidh úsáid mhuirí lena mbaineann MTT. Foilseoidh MARA a chinneadh an ceadúnas a thabhairt ar ais mar aon le fógra ina luafar go bhféadfaidh duine bailíocht an chinnidh seo a cheistiú trí iarratas ar athbhreithniú breithiúnach.

Má dhéanann an t-iarratas dhiúltiú, leanfaidh sé ar aghaidh le haghaidh scagadh MC mar atá sonraithe thíos.

## Measúnacht Chuí

Ainmníonn an MAPA MARA mar an t-údarás inniúil chun MCanna a chur i gcrích de bhun Chuid 5 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011. Nuair a bheidh iarratas bailíochtaithe agus glactha go foirmiúil ag MARA, déanfaidh Aonad Teicniúil MARA scagadh ar an iarratas chun a chinneadh an gcaithfear MC a dhéanamh nó nach gá. Tá MARA ar an eolas go bhféadfadh roinnt iarratasóirí, agus iad ag cur isteach ar Cheadúnas Úsáide Muirí, RTN a chur isteach lena bhfoirm iarratais. Sa chás seo, déanfaidh MARA scagadh ar iarratas fós agus déanfaidh sé cinneadh maidir le feidhm MC sula gcuirfear ar aghaidh é go dtí an chéad chéim eile.

### 1. Diúltaíodh d'Iarratas MC de Thoradh Scagtha

Má dhéantar scagadh ar an iarratas, cuirfear an cinneadh sin in iúl don iarratasóir agus cuirfidh MARA a mheasúnú teicniúil i gcrích. De bhun an mheasúnaithe sin agus ag féachaint do na nithe seo a leanas:

- an Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí,
- oibleagáidí an Stáit faoin Treoir maidir le Gnáthóga, faoin gCreat-Treoir Uisce, faoin gCreat-Treoir um Straitéis Mhuirí,faoin Treoir maidir le hÉin agus faoin Treoir maidir le Measúnú Tionchair Timpeallachta agus
- Aon úsáid mhuirí eile atá á déanamh go dleathach.

Déanfaidh MARA cinneadh géilleadh le coinníollacha, páirtdeonú le coinníollacha nó diúltú d'iarratas ar cheadúnas laistigh de 30 lá (nuair is indéanta).

Leagtar amach in Alt 120 agus i Sceideal 8 den MAPA na coinníollacha a d'fhéadfadh MARA a chur ag gabháil le ceadúnas. Sa chás go bhfuil sé ar intinn ag MARA coinníollacha a dheonú, páirtdeonú a dhéanamh le coinníollacha nó diúltú d'iarratas, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don iarratasóir a chuireann in iúl dó/di cén chúis atá leis an gcinneadh atá beartaithe. Féadfaidh an t-iarratasóir, laistigh de thréimhse shonraithe, ábhar forlíontach a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna a luaigh MARA leis an gcinneadh.

Tar éis breithniú a dhéanamh ar aon ábhar forlíontach a sholáthraíonn an tIarratasóir, déanfaidh MARA cinneadh deiridh ar an iarratas ar cheadúnas.

Cuirfear iarratasóir ar an eolas faoi chinneadh MARA géilleadh le coinníollacha, páirtdeonú le coinníollacha, nó diúltú don iarratas. Eiseofar ceadúnas a luaithe is indéanta tar éis an fhógra seo. Foilseoidh MARA fógra ar a láithreán gréasáin ina dtabharfar eolas faoin gceadúnas a deonaíodh nó a diúltaíodh. Foilseoidh sé freisin an cinneadh maidir le scagadh MC.

## 2. Glacadh le hIarratas MC de Thoradh Scagtha

Má dhéantar scagadh ar iarratas le haghaidh MC, gheobhaidh an t-iarratasóir fógra i scríbhinn ag éileamh orthu, laistigh de thréimhse shonraithe, RTN a ullmhú agus a chur isteach.

Ar RTN a fháil ó MARA nó, de réir mar is infheidhme, ar dheimhniú MARA ar leordhóthanacht an RTN a cuireadh isteach in éineacht le hiarratas ar cheadúnas iarratasóra, eiseofar fógra i scríbhinn don iarratasóir chun comhairliúchán poiblí a thionscnamh.

### i. Comhairliúchán Poiblí

Ceanglófar ar iarratasóir a chur in iúl don phobal, ar bhealach atá sonraithe ag MARA, go bhfuil iarratas ar cheadúnas úsáide muirí, agus RTN gaolmhar, curtha chuig MARA agus go bhfuil sé ar fáil le breathnú orthu ar shuíomh gréasáin MARA (www.maritimeregulator.ie) agus in oifig MARA. Beidh 30 lá ar a laghad ag an bpobal ó dháta foilsithe an fhógra chun aighneacht a chur faoi bhráid MARA. Foilseofar gach aighneacht a fhaigheann MARA ar ár suíomh gréasáin.

Féadfaidh MARA freisin, le linn na tréimhse sin, dul i gcomhairle leis na húdaráis phoiblí ábhartha a gcreideann siad go bhféadfadh tuairimí cuí a bheith acu chun an t-iarratas a dhéanamh. Foilseoidh MARA freisin aon fhreagraí, a fuarthas le linn an chomhairliúcháin seo, ar ár suíomh gréasáin.

Nuair a bheidh an comhairliúchán poiblí curtha i gcrích, tiocfaidh deireadh le hoibleagáidí an iarratasóra maidir leis an bpróiseas ceadúnaithe agus rachaidh MARA ar aghaidh chun toradh an MC a chinneadh agus chun cinneadh a dhéanamh ar an iarratas.

### ii. MC agus Cinneadh Ceadúnais

Cinnfidh MARA, nuair is indéanta, iarratas ar cheadúnas laistigh de 30 lá tar éis don iarratasóir ceanglais uile Chuid 5 den MAPA a bhaineann le hiarratais ar cheadúnais a chomhlíonadh.

Agus iarratas ar cheadúnas á chinneadh, cuirfidh MARA san áireamh gach aighneacht a fhaightear le linn comhairliúcháin phoiblí agus tuairimí a fhaightear ó údaráis phoiblí ábhartha. Féadfaidh MARA aighneachtaí a lorg ó chomhlachtaí reachtúla eile a bhfuil feidhmeanna acu sa limistéar muirí, nuair is cuí.

Beidh aird aige freisin ar na nithe seo a leanas:

- an Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí,
- oibleagáidí an Stáit faoin Treoir maidir le Gnáthóga, faoin gCreat-Treoir Uisce, faoin gCreat-Treoir um Straitéis Mhuirí, faoin Treoir maidir le hÉin agus faoin Treoir maidir le Measúnú Tionchair Timpeallachta agus
- Aon úsáid mhuirí eile atá á déanamh go dleathach.

De bhun na gcúinsí thuas, déanfaidh MARA cinneadh géilleadh le coinníollacha, páirtdeonú le coinníollacha nó diúltú d'iarratas.

Leagtar amach in Alt 120 agus i Sceideal 8 den MAPA na coinníollacha a d'fhéadfadh MARA a chur ag gabháil le ceadúnas. Sa chás go bhfuil sé ar intinn ag MARA coinníollacha a dheonú, páirtdeonú a dhéanamh le coinníollacha nó diúltú d'iarratas, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don iarratasóir a chuireann in iúl dó/di cén chúis atá leis an gcinneadh atá beartaithe. Féadfaidh an t-iarratasóir, laistigh de thréimhse shonraithe, ábhar forlíontach a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna a luaigh MARA leis an gcinneadh.

Tar éis breithniú a dhéanamh ar aon ábhar forlíontach a sholáthraíonn an tIarratasóir, déanfaidh MARA cinneadh deiridh ar an iarratas ar cheadúnas.

Cuirfear iarratasóir ar an eolas faoi chinneadh MARA géilleadh le coinníollacha, páirtdeonú le coinníollacha, nó diúltú don iarratas. Eiseofar ceadúnas a luaithe is indéanta tar éis an fhógra seo. Foilseoidh MARA fógra ar a láithreán gréasáin ina dtabharfar eolas faoin gceadúnas a deonaíodh nó a diúltaíodh. Foilseoidh sé freisin an cinneadh maidir le scagadh MC.

## Táillí ar Cheadúnais

### 1. Táillí Iarratais

Cuireann na Rialacháin um Úsáid Limistéar Muirí (Táillí Ceadúnais), 2023 (I.R. 402 de 2023) ar chumas MARA táillí a ghearradh ar iarratais ar cheadúnais chun úsáidí muirí áirithe a údarú sa limistéar muirí. Faoi Chuid 5 den Acht, féadfar táillí ar cheadúnais a ghearradh sna cúinsí seo a leanas:

- Iarratais faoi Alt 115: Iarratas ar dhearbhú i scríbhinn maidir le cé acu an úsáid sceideal 7 é úsáid mhuirí nó nach ea, agus más ea, má theastaíonn ceadúnas uaidh.
- Iarratais faoi Alt 117: Baineann sé seo le húsáidí faoi Sceideal 7.
- Iarratais faoi Alt 126: Tabhairt suas ceadúnais.
- Féadfaidh iarratas faoi Ailt 124 (Ceadúnas a shannadh) agus 125 (Leasú Ábhartha ar cheadúnas) táille a mhealladh freisin faoi fho-alt 2 i ngach cás.
- Alt 116 (3): Féadfar táillí a ghearradh ar shealbhóirí ceadúnas trí mhuirear aonuaire nó íocaíocht bhliantúil.

Tá an costas do gach cineál iarratais leagtha amach sa tábla thíos.

| Iarratas | Suim |
|---|---|
| Dearbhú i dtaobh an gceanglaítear nó nach gceanglaítear ceadúnas faoi Alt 115(1). | €500 |
| Iarratas ar cheadúnas a dheonú faoi Alt 117(1). | €2,000 |
| Is é €1,000 an t-iarratas ar cheadúnas dá dtagraítear in alt 117(1), mar aon le suim in-aisíoctha €1,000 sa chás go scagadh le haghaidh measúnachta cuí a dhéanamh faoi alt 117((4)(a) | €1,000 (aisíocaíocht) |
| Ceadúnas a shannadh faoi Alt 124(2). | €500 |
| Leasú ábhartha ar cheadúnas faoi Alt 125(1). | € 1,000 |
| Ceadúnas a thabhairt suas faoi Alt 126(1) | €500 |

Tá MARA i dteideal tarscaoileadh táille iarratais a dheonú d'eintitis neamhbhrabúis. Beidh feidhm aige seo maidir le heintitis neamhbhrabúis ar carthanais chláraithe iad freisin. Déanfar an cinneadh maidir le tarscaoileadh de rogha MARA, ar bhonn cás ar chás.

Ar iarratas a fháil, seiceálfaidh MARA na doiciméid a fuarthas agus nuair a bheidh siad sásta, eiseoidh MARA sonrasc don iarratasóir don mhéid ábhartha. Ní mór íocaíocht a dhéanamh le MARA trí EFT, laistigh de 15 lá oibre. Nuair a fhaightear an íocaíocht, déanfaidh MARA an t-iarratas a bhailíochtú. Mura bhfaightear íocaíocht faoin spriocdháta, measfar an comhad a bheith dúnta agus ní dhéanfar aon bhreithniú eile ar an iarratas.

Baineann táille iarratais €2,000 le hiarratais ar dheonú ceadúnais faoi Alt 117(1). Sa chás go gcinneann MARA nach gá measúnú cuí a dhéanamh faoi alt 117(6)(a), aisíocfar €1,000 leis an iarratasóir trí EFT.

### 2. Táillí do shealbhóirí ceadúnais

Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena socrófar táillí do shealbhóirí ceadúnas, a fhéadfaidh foráil a dhéanamh maidir le táille bhliantúil nó táille aonuaire a íoc ag sealbhóir an cheadúnais. Níl a leithéid de rialacháin déanta fós. Déanfar an treoir seo a nuashonrú má fheidhmíonn an ACAC a chumhachtaí chun rialacháin den sórt sin a dhéanamh.

## Coimeád Taifead

D'fhéadfadh sé go mbeadh sé d'oibleagáid ar iarratasóir, mar choinníoll de chuid ceadúnais, taifid agus samplaí a choinneáil ar feadh tréimhse áirithe ama.

Ina theannta sin, féadfaidh MARA a cheangal ar shealbhóir ceadúnais sonraí a sholáthar dóibh agus tá sé d'oibleagáid ar an sealbhóir iad a chur ar fáil do MARA.

## Úsáid Neamhúdaraithe Roimh bhunú MARA

Sa chás go bhfuil gníomhaíocht á déanamh ag duine nach mór a bheith ceadúnaithe anois ag MARA, ach gan an toiliú Urthrá ábhartha a bheith faighte aige/aici, ní mór dó/di iarratas a dhéanamh chuig MARA ar cheadúnas. Mura ndéanann an duine iarratas chuig MARA ar cheadúnas faoin 16 Iúil 2028, féadfaidh MARA tús a chur le himeachtaí forfheidhmiúcháin i gcoinne na ndaoine sin le haghaidh úsáid neamhúdaraithe. Más rud é, áfach, go bhfuil MARA den tuairim go bhfuil gníomhaíocht ina bac ar chomhlíonadh éifeachtach agus éifeachtúil a fheidhmeanna, tabharfaidh sé fógra don duine iarratas a dhéanamh ar iarratas faoin 17 Iúil 2024.

## Sannadh Ceadúnais

Más mian le sealbhóir ceadúnais ceadúnas a shannadh do thríú páirtí, beidh sé riachtanach comhiarratas a dhéanamh chuig MARA ar thoiliú leis an sannadh sin. Más mian le sealbhóir ceadúnais ceadúnas a athshannadh, ba cheart dó/di teagmháil a dhéanamh le foireann ceadúnaithe MARA ag licence@mara.gov.ie

## Leasú ar cheadúnas

Más mian le sealbhóir ceadúnais leasú ábhartha a dhéanamh ar cheadúnas, beidh air/uirthi iarratas a dhéanamh chuig MARA ar an leasú sin. Is féidir le ACAC rialacháin a dhéanamh freisin maidir le cad is leasuithe neamhábhartha ann. Níl a leithéid de rialacháin déanta fós. Déanfar an treoir seo a nuashonrú má fheidhmíonn an ACAC a chumhachtaí chun rialacháin den sórt sin a dhéanamh. Más mian le sealbhóir ceadúnais leasú a dhéanamh ar cheadúnas, ba cheart dó/di teagmháil a dhéanamh le foireann ceadúnaithe MARA ag licence@mara.gov.ie

## Tabhairt suas Ceadúnais

Más mian le sealbhóir ceadúnais ceadúnas a thabhairt suas, beidh air/uirthi iarratas a dhéanamh chuig MARA ar an ngéilleadh sin. Sa chás sin, ba cheart do shealbhóir an cheadúnais teagmháil a dhéanamh le foireann ceadúnaithe MARA ag licence@mara.gov.ie